Nuachtlitir

Gaelscoil Ruairí
Maigh Nuad

25 Meán Fómhair 2023 Uimhir 6

**Bord Bainistíochta:**

**1. Polasaithe Athbhreithnithe - Tá an Bord i mbun athbhreithniú a dhéanamh ar roinnt polasaithe scoile faoi láthair. Beidh siad uasdátaithe ar shuíomh greasáin na scoile go luath;**

- **Ráiteas um Chumhdach Leanaí agus Measúnú Riosca:**
- **Polasaí Frithbhulaíochta**
- **Polasaí Iontrála**

**2. Oscailt Oifigiúil na Scoile - Tá an-áthas ag bord bainistíochta na scoile a fhógairt go mbeidh Oscailt Oifigiúil Ghaelscoil Ruairí ar siúl ar an Aoine an 27 lá de mhí Deireadh Fómhair. Beidh an t-Aire Josepha Madigan linn ar an lá chun ár scoil a oscailt go hoifigiúil. Tosóidh sé ar a 10r.n. agus críochnóidh sé ar a 10.45r.n. Déanfaidh gach rang cur i láthair ar an lá agus cuirfear coisir agus cluichí ar siúl sna ranganna i ndiaidh. Críochnóidh an scoil ar a 12i.n ar an lá sin don bhriseadh lár-téarma. Ní raibh an t-eolas seo i bhféilire na scoile ach déanfar uasdátú ar ár bhféilire ar shuíomh greasáin na scoile an tseachtain seo. Beidh a thuilleadh eolais faoin Oscailt Oifigiúil go luath.**

**Chun cabhrú linn tús a chur leis an bpleanáil, ba bhreá linn meastachán a fháil ar uimhreacha na dtuismitheoirí a bheidh i láthair ar an lá. Tá sé i gceist againn ollphuball a chur sa chlós don ócáid agus dá mbeadh aon teagmhálaithe ag aon duine bheadh an scoil iontach buíoch dá mbeadh siad in ann a bheith roinnte le coiste na dtuismitheoirí.**

**Líonaigí isteach an fhoirm thíos má bhíonn tú den tuairim go mbeifeá ar fáil le freastail ar an oscailt oifigiúil ar an 27 lá de mhí Dheireadh Fómhair ar a 10r.n. Ba bhreá linn an méid is mó daoibh a fheiceáil ann is gur féidir.**

**Foirm Oscailt Oifigiúil**

**3. Feighlí Scoile - Cuireann bord bainistiochta na scoile fáilte roimh iarratais do phost mar fheighlí scoile. Beidh idir 2.5 /3 uair in aghaidh an lae ar fáil roinnte idir roimh am scoile agus i ndiaidh am scoile. Beidh na nithe seo a leanas i gceist;**

- **Ag oscailt na scoile**
- **Ag réitiú an Chlóis**
- **Ag scaipeadh salainn sa Gheimhreadh**
- **Ag scrudú thalamh agus foirgneamh na scoile**
- **Og Oscailt fuinneog**
- **Ag Glanadh fuinneog**
- **Ag tógáil seachadtaí isteach**
- **Obair Chothabhála**
- **Obair Ghlantacháin**
- **Bruscar / Athchursáil**
- **Cóimeáil Troscán**

Campas Oideachais Nua, Bóthair an Mhaigh gCláir, Maigh Nuad, Co. Chill Dara.
F: +353 (0) 86 822 6872 I E: oifig@gaelscoilruairi.ie I www.gaelscoilruairi.ie I
Uimhir Rolla 20527F

- **Ag Dúnadh na Scoile**

**Beidh Grinnfhiosrucháin na nGardaí le déanamh agus Cúrsa TUSLA.**

**Iarratais - Seol CV chuig [iarratais2023@gaelscoilruairi.ie](mailto:iarratais2023@gaelscoilruairi.ie)**

**Gach Fiosrú chuig** [iarratais2023@gaelscoilruairi.ie](mailto:iarratais2023@gaelscoilruairi.ie)
**Fón - 0868226872**

*Board of Management:*
*1. Policy Reviews: The board are currently reviewing the following school policies and they will be updated on the school's website shortly;*
- *Child Protection Statement and Risk Assessment*
- *Anti-Bullying Policy*
- *School Admissions Policy*

*2. School's Official Opening - The Board of Management is delighted to announce that Gaelscoil Ruairí's Official Opening will take place on Friday 27th October. Minister Josepha Madigan will be with us on the day to officially open our school. The official proceedings will commence at 10am and conclude at 10.45a.m. Each class will perform on the day and will return to their classrooms for games and a party The school will close at 12p.m. for the mid-term break. Please note that this half-day is not on our current school calender but this will be updated on our website shortly. There will be further information in relation to our school's official opening shortly.*
*To help us with our planning we would like to gather an estimation of the number of parents who believe they will be available to attend on the day. We intend to have a marquee in the yard on the day and we are asking anyone with contacts in relation to marquees to please share this information with the parent's committee.*
*Please complete the form below if you feel you will be available to attend our official opening on Friday 27th October at 10a.m. We would love to see as many parents as possible present on the day.*
**Official Opening Form**

*3. School Caretaker - The board of management is now accepting applications for school caretaker. The role will consist of between 2.5/3 hours a day divided between before and after school. The following responsibilities will apply;*

- *Opening the school*
- *Preparing the yard*
- *Spreading salt in Winter*
- *Inspecting the school grounds and building*

- *Opening windows*
- *Cleaning Windows*
- *Taking in deliveries*
- *Maintenance Work*
- *Cleaning Work*
- *Bins and Recycling*
- *Furniture Assembly*
- *Closing the School*

*Garda Vetting will be required as well as TUSLA Training.*

*Applications - Send CV to* **iarratais2023@gaelscoilruairi.ie**

*All enquiries to* iarratais2023@gaelscoilruairi.ie
*Phone - 0868226872*

---

**Ceachtanna Snámha - Rang 1 go Rang a 3:**
**Tá ag éirí go han-mhaith leis na ceachtanna snámha. Táimid an-bhródúil as na páistí ar fad agus ag tnúth go mór leis an tríú ceacht ar an Aoine bheag seo.**
*Swimming Lessons:*
*The swimming lessons are going really well. We are extremely proud of all the children and we look forward to our third week of lessons this Friday.*

---

**Grainghrafadóir Scoile - County Photos:**
**Ár leithscéal faoin athrú dáta. Beidh ar pháistí agus foireann na scoile a bheith gléasta arís ar an gCéadaoin, an 4 lá de mhí Dheireadh Fómhair!**
*School Photographer - County Photos:*
*Our apologies for the change in date. The children and school staff will all have to dress up again on Wednesday 4th October!*

---

**Cumann na dTuismitheoirí:**
**1.Lotto - Comhghairdeas le Martin Gibbons a bhuaigh €20 agus bosca seacláide ar an Aoine. Seasann an pota óir ar €450 anois. Go n-éirí le gach duine!**
**Lotto Gaelscoil Ruairí**

**2. Teacht le chéile Thuismitheoiri na Scoile - Beidh deis iontach ag tuismitheoirí na scoile teacht le chéile i ndiaidh an Oscailt Oifigiúil ar an Aoine an 27 lá de mhí Deireadh Fómhair thar cupán tae agus cáca**

**chun aithne a chur ar a chéile. Táimid ag súil go mór leis an méid is mó daoibh a fheiceáil ar an lá is gur feidir.**

**3. CCB Chumann na dTuismitheoirí - Beidh cruinniú cinn bliana Choiste na dtuismitheoirí ar siúl sa scoil ar an gCéadaoin an 11 lá de mhí Deireadh Fómhair ar a 7.30i.n. Bíonn fáilte roimh gach tuismitheoir ag an CCB. Toghfar baill nua don choiste 2023/24 ar an oíche. Táimid ag súil libh a fheiceáil ar an oíche agus beidh chuile rud thart ar a 8i.n.**

**4.Oíche Shamhna - Tagann na páistí ar fad isteach ar scoil gléasta do Oíche Shamhna ar an Aoine roimh an mbriseadh lár-téarma de gnáth. De bharr ár n-Oscailt Oifigiúil i mbliana ar an lá sin tá an dáta seo athraithe chuig an gCéadaoin an 25 lá de mhí Deireadh Fómhair.**

*Parents' Association:*
*1.Lotto- Congratulations to Martin Gibbons who won €20 and a box of chocolates on Friday. The jackpot now stands at €450. Best of luck to everyone!*
**Lotto Gaelscoil Ruairí**

*2. A Gathering for Parents - There will be a great opportunity for all the parents to meet over a cup of tea and a slice of cake after the school's Official Opening on Friday 27th October in the school and we really look forward to seeing as many of you on the day as possible.*

*3. Parents' Association AGM - The Parents' Association AGM will take place in the school on Wednesday 11th October at 7.30p.m. All parents are welcome to attend this AGM. All members of the 2023/24 Parents' Committee will be elected at the AGM and we hope to see you all on the night. The AGM will conclude at 8p.m.*

*4. Halloween- The children usually come to school dressed in their costumes for Halloween on the Friday before the school's mid-term break. Due to the school's official opening this year this date has been changed to Wednesday the 25th October.*

---

**Cruinnithe Ranga:**
**Seo a leanas na dátaí agus na hamanna do na cruinnithe ranga a bheidh ag tarlú an tseachtain seo. Iarraimid ar dhuine amháin teacht in aghaidh an pháiste chuig na cruinnithe seo chomh fada agus is féidir de bharr cursaí spáis.**

**Dé Luain 25 Meán Fómhair - Rang na Coille (Múinteoir Eimear) - 7i.n.**
**Rang a 3 (Múinteoir Cáit) - 7.45i.n.**

**Dé Máirt 26 Meán Fómhair - Naíonáin Bheaga (Clíona) - 7i.n.**
**Rang a 2 (Múinteoir Póla)- 7.45i.n.**

**Déardaoin 28 Meán Fómhair - Naíonáin Mhóra (Múinteoir Blathnaid) 7i.n.**
**Rang 1 (Múinteoir Colm) 7.45i.n.**

*Class Meetings:*
*The following are the dates and times for the classroom meetings taking place this week. We are asking for one person per child to attend where possible due to space constraints.*

*Monday 25th September - Rang na Coille (Múinteoir Eimear) - 7p.m.*
*- 3rd Class (Múnteoir Cáit) - 7.45p.m.*

*Tuesday 26th September - Naíonáin Bheaga (Múinteoir Clíona) - 7p.m.*
*- 2nd Class (Múinteoir Póla) - 7.45p.m.*

*Thursday 28th September - Senior Infants (Múinteoir Bláthnaid) - 7p.m.*
*- 1st Class (Múinteoir Colm) - 7.45p.m*

---

**Traenáil CLG:**
**Aththosaíodh an traenáil CLG le Declan Campbell ó CLG Mhaigh Nuad ar an Máirt an 9 lá de mhí Deireadh Fómhair ar a 2.10i.n. Is féidir le páistí ó R1, R2 agus R3 traenáil leis. Déanfaidh sé trí seachtaine roimh an mbriseadh lár-téarma agus trí seachtaine i ndiaidh. Siúlfaidh múinteoir ón scoile trasna an bhóthair leis agus leis na páistí at a 2.10i.n. agus baileofar na páistí ón bpáirc peile in aice leis an gcarrchlós.**
**Cláraigí bhur bpáistí tríd an nasc thíos le bhur dtoil.**
**Foirm CLG**

*GAA Training:*
*Declan Campbell from the Maynooth GAA Club will recommence training on Tuesday 9th October at 2.10p.m. Children from 1st, 2nd and 3rd class can train. He will train for three weeks prior to the mid-term break and for the first three weeks after. A teacher will walk the children across the road with Declan at 2.10p.m and the children can be collected from the pitches next to the car park. Please register your children fro GAA training through the link below.*
*GAA Form*

---

**Imeachtaí Iar-Scoile: Rang 1/Rang a 2/Rang a 3**
**1. Ceachtanna Ukulele - Ba bhreá le Múinteoir Cáit ceachtanna ukulele a chur ar fáil do na páistí tar éis scoile ar an gCéadaoin ó a 2.10i.n.-3.10i.n. Táimid ag súil le tosú ar an gCéadoin an 11 lá de mhí Dheireadh Fómhair agus leanfaidh siad ar aghaidh ar feadh sé Céadaoin. Déanfar athbhreithniú orthu ansin agus cinneadh faoi thréimhse eile a chur ar fáil.**

**2. <u>Ceachtanna Ealaíne</u> - Ba bhreá le Múinteoir Bláthnaid ceachtanna ealaíne a chur ar fáil do na páistí tar éis scoile ar an Deardaoin ó a 2.10i.n.-3.10i.n. Táimid ag súil le tosú ar an Déardaoin an 12 lá de mhí Dheireadh Fómhair agus leanfaidh siad ar aghaidh ar feadh sé Déardaoin.**

**Baileoidh an scoil an t-airgead ó thuismitheoirí agus íocfaidh an scoil na múinteoirí. Gearrfar an méid is lú ó na tuismitheoirí do na himeachtaí seo is gur féidir, díreach a dhóthain chun na múinteooir a íoc (cáin san áireamh) agus acmhainní a cheannach do na himeachtaí. Beidh an praghas ag brath ar an méid páiste a bheith i láthair. Teastaíonn uainn spéis na bpáistí a mheas an tseachtain seo agus cuirfear an praghas sa nuachtlitir an tseachtain seo chugainn leis an nasc le clárú.**

**Ma theastaíonn uaibh bhur spéis a léiriú do na ceachtanna ukulele nó ealaíon chun cabhrú linn pleanail agus teacht ar phraghas iarrtar oraibh ainm bhur bpáiste a chlárú tríd na naisc seo,**

**1.Ceachtanna Ukulele [Foirm Ukulele]**
**2. Ceachtanna Ealaíon [Foirm Ealaíne]**

*<u>After-School Activities : 1st/ 2nd/3rd Class</u>*
*1. <u>Ukulele Lessons</u> - Múinteoir Cáit would like to offer after-school ukulele lessons on Wednesdays from 2.10p.m. - 3.10p.m. We hope to start on Wednesday 11th October and to continue for six Wednesdays. We will review it then and see if another term could be offered.*

*2.<u>Art Classes -</u> Múinteoir Bláthnaid would like to offer after-school art classes on Thursdays from 2.10p.m. - 3.10p.m. We hope to start on Thursday 12th October and continue for six Thursdays.*

*The school will collect the money from parents and the school will pay the teachers. Parents will be charged the lowest price possible, enough to cover the teacher's pay (including tax) and the resources needed to run the classes. The price per child will depend on the numbers. We would like to check the childrens' interest this week and a price will then be included in next week's newsletter with a link to officially enrol.*

*If you would like to express your interest in the ukulele or art classes please complete the form(s) below;*

**1.Ceachtanna Ukulele [Ukulele Form]**
**2. Ceachtanna Ealaíon [Art Form]**

---

**<u>Carrchlós:</u>**
**Tá carrchlós an CLG athoscailte dúinn arís.**
*<u>Car Park:</u>*
*The GAA car park has reopened for us to use again.*

---

**Croí na Scoile:**

**Seo a leanas an clár-ama do 'Croí na Scoile' don bhliain seo. Beimid ag leanúint a chláir seo i mbliana. Is féidir teacht ar go leor eolais ar shuíomh an phatrúin, [Croí na Scoile | An Foras Pátrúnachta]**

| Mí | Eitic | Creideamh | Féile | Téama |
|---|---|---|---|---|
| Meán Fómhair | Cearta & Freagrachtaí | Giúdachas | Yom Kippur Rosh Hashanah | Maithiúnas |
| Deireadh Fómhair | Cuimsiú & Comhionannas | Págántacht | Oíche Shamhna Creideamh ár Sinsear | Cuimhneamh |
| Samhain | Cearta & Freagrachtaí | Hiondúchas | Díbhealaí | Solas & Dóchas |
| Nollaig | Cearta & Freagrachtaí | Iliomad | Nollaig - Lá Bodhi Hanukkah | Cleachtais Nollag |
| Eanáir | Luachanna | Iliomad | Athbhliain Síneach Shogatsu | Féilte Athbhliana |
| Feabhra | Saoránacht | Iliomad | Féilte an Earraigh | Teacht an Earraigh |
| Márta | Cuimsiú & Comhionannas | Críostaíocht & Ioslam | Lá Fhéile Pádraig Ramadan | Carthanacht |
| Aibreán | Luachanna | Críostaíocht & Giúdachas | An Cháisc Pesach | Bás agus aiséirí |
| Bealtaine | Cuimsiú & Comhionannas | Búdachas | Wesak | Síocháin |
| Meitheamh | Cuimsiú & Comhionannas | Ceannairí Creidimh | Ceiliúradh Scoile | Ceannaireacht |

*Multi-Denominational School:*

*The following is the time-table for Croí na Scoile' this year. We will be following this time-table this year. More information can be found on our Patron's website,* **[Croí na Scoile | An Foras Pátrúnachta]**